II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2021/743 ÓN gCOMHAIRLE

**an 6 Bealtaine 2021**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 ón gComhairle an 18 Eanáir 2012 a bhaineann le bearta sriantacha i bhfianaise na staide sa tSiria agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 442/2011 ([1]), agus go háirithe Airteagal 32(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 18 Eanáir 2012, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 36/2012.

(2) Ba cheart an fhaisnéis a bhaineann le duine amháin i liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas nó na gcomhlachtaí atá faoi réir bearta sriantacha in Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a thabhairt cothrom le dáta.

(3) Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 a leasú dá réir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012 mar a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6 Bealtaine 2021.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
J. BORRELL FONTELLES

---

([1]) IO L 16, 19.1.2012, lch. 1.

*IARSCRÍBHINN*

I Roinn A ("Daoine") d'Iarscríbhinn II a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 36/2012, cuirtear an méid seo a leanas in ionad iontráil 36:

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Cúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "36. | Nizar AL-ASSAD (dá ngairtear freisin al-Asad, Assad, Asad, Assaad, Asaad, Al-Assaad)<br>(اسعد, الاسعد,الاسد;نزار ) | Dáta Breithe: 2.3.1948 nó 23.3.1948 nó Márta 1948;<br>Náisiúntachtaí: Siriach, Liobánach, agus Ceanadach;<br>Pas Siriach dar uimhir 011090258;<br>Pas Liobánach dar uimhir RL0003434;<br>Pas Ceanadach dar uimhir AG629220;<br>Inscne: fireann | Mórphearsa ghnó atá ag feidhmiú sa tSiria a bhfuil dlúthbhaint aige leis an réimeas. Bainteach le teaghlaigh Assad agus Makhlouf.<br>Mar sin, bhí sé rannpháirteach i réimeas na Siria, ag baint tairbhe as, nó bhí sé ag tacú ar bhealach eile le réimeas na Siria.<br>Mórinfheisteoirí ola é, bunaitheoir agus ceann na cuideachta darbh ainm Lead Contracting & Trading Ltd. | 23.8.2011" |